**Teideal an Phoist: Léiritheoir (Lánaimseartha, Conradh Seasta – 3 Bliana)**

**Maidir leis an Ról:**

Is í An Taibhdhearc amharclann náisiúnta na Gaeilge. Cruthaímid, cuirimid i láthair, agus tacaímid leis na taibhealaíona, a chuimsíonn nuálaíocht agus ilghnéitheacht. Déanann muid é seo le agus ar son ealaíontóirí agus pobail na Gaeilge ar fud na tíre agus ar fud an domhain. Tá An Taibhdhearc ag lorg Léiritheora a bheidh mar dhuine lárnach inár struchtúr nua eagraíochtúil, ag obair le comhghleacaithe chun clár ealaíonta uaillmhianach agus spreagúil a chur i gcrích faoi 'Síolta', ár bPlean Straitéiseach nua.

**Príomhdhualgais:**

Beidh an té a cheapfar freagrach as an obair seo a leanas chomh maith le cúraimí eile:

**Bainistíocht Léiriúcháin:**

- Gach léiriúchán inmheánach, turas agus comhléiriúchán a léiriú.
- Gníomhú mar phríomhnasc don fhoireann inmheánach agus sheachtrach léiriúcháin.
- A chinntiú go bhfuil ardchaighdeán léiriúcháin i bhfeidhm, ag obair go dlúth leis an Stiúrthóir Ealaíne chun gach léiriúchán a chur i gcrích.

**Pleanáil:**

- Bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna laethúla an léirithe, ag tacú leis an Stiúrthóir Ealaíne.
- Comhoibriú le comhléiritheoirí agus caibidlíocht a dhéanamh faoi chonarthaí le hionaid, cuideachtaí, agus ealaíontóirí.
- Cabhrú le pleananna tionscadail fadtéarmacha a cheapadh leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus le ranna eile.
- Maoirseacht a dhéanamh ar roghnúcháin agus ar sheiceálacha infhaighteachta leis an Stiúrthóir Ealaíne agus le gníomhairí teilgthe.
- Cláir ama do chleachtaí, táirgeadh agus léirithe a chruthú agus a bhainistiú i gcomhar leis an Stiúrthóir Ealaíne agus leis an bhfoireann léiriúcháin.
- Buiséid léiriúcháin a fhorbairt agus a bhainistiú.

**Léirithe:**

- Riachtanais ealaíonta a thuar agus a bhainistiú laistigh de chláir ama agus buiséid.
- Foireann léiriúcháin neamhspleách a fháil ar conradh agus freastal ar gach cruinniú léiriúcháin.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chostais léiriúcháin, ag cinntiú go mbíonn buiséid á gcomhlíonadh.
- Freastal ar réamhléirithe, ar sheisiúin teicniúla, agus ar oícheanta preasa.

- Tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt lucht féachana agus d’iarrachtaí margaíochta a bhaineann le léirithe.

**Cláir:**

- Freastal ar chruinnithe pleanála ealaíonta agus tionscadail inmharthana oiriúnacha.
- Caidrimh a chothú agus a chothabháil le healaíontóirí agus cuideachtaí.
- Iarratais ar thurais a bhainistiú agus ionadaíocht a dhéanamh ar An Taibhdhearc ag imeachtaí tionscail agus deiseanna líonraithe.

**Sonraíocht an Duine:**

**Riachtanach:**

- Cómhthuiscint ar mhisean agus ar fhís na Taibhdheirce.
- Líofacht i nGaeilge nó leibhéal ard inniúlachta i nGaeilge labhartha agus scríofa.
- Trí bliana ar a laghad de thaithí shinsearach i léiriúchán, lena n-áirítear turais náisiúnta.
- Taithí ar bheith ag obair go díreach le foirne cruthaitheacha agus ar phróisis ealaíonta a éascú.
- Scileanna láidre airgeadais, lena n-áirítear buiséid a dhréachtú agus a bhainistiú.
- Scileanna eagrúcháin agus pleanála den scoth, le cruthúnas ar an gcumas oibriú go solúbtha faoi bhrú.
- Scileanna láidre cumarsáide agus comhoibrithe.

**Inmhianaithe:**

- Taithí ar obair le healaíontóirí faoi mhíchumas nó foirne léiriúcháin, agus ar thimpeallacht chuimsitheach a chruthú chun amharclannaíocht a dhéanamh.
- Taithí roimhe seo san Earnáil Ealaíon in Éirinn.
- Taithí ar raon leathan léirithe inrochtana a sholáthar. Ceadúnas tiomána glan Éireannach

**Téarmaí Fostaíochta:**

- Tuarastal: Ag teacht leis an taithí
- Uaireanta: 9am go 5pm, Luan go hAoine (oibreacha tráthnóna agus deireadh seachtaine uaireanta riachtanach). Córas ama chúitimh i bhfeidhm.
- Tá na Stiúrthóirí sásta socrú oibre solúbtha a aontú leis an iarrthóir roghnaithe ar an gcoinníoll go gclúdaítear tréimhsí tábhachtacha léiriúcháin go cuimsitheach.
- Saoire: 25 lá sa bhliain, móide laethanta saoire poiblí.
- Tréimhse Phromhaidh: 6 mhí.
- Pinsean: Ranníocaíocht fostóra suas go 5% ag brath ar ionchur an fhostaí..
- Suíomh: Amharclann an Taibhdhearc, Gaillimh, le socruithe oibre hibrideacha indéanta.
- Dáta Tosaithe: Eanáir 2025.
- Grinnfhiosrúchán Gardaí: Riachtanach don ról seo.

Táthar ag súil go gcomhlíonfaidh gach ball foirne oiliúint Safe to Create, Rochtain Míchumais, LADTA+, agus Oiliúint Tús Áite do Leanaí. Spreagaimid gach duine le bheith gníomhach i saol ealaíonta na heagraíochta.

**Comhionannas agus Cuimsiú:**

Tá An Taibhdhearc tiomanta d'áit oibre éagsúil agus chuimsitheach a chruthú. Cuirimid fáilte ar leith roimh iarratais ó dhaoine atá tearcionadaithe, lena n-áirítear daoine de dhath, ó thaobh eitneachais de, daoine faoi mhíchumas, baill den Lucht Siúil, agus an pobal LADTA+. Cuir in iúl dúinn faoi aon riachtanais rochtana a bhféadfaimis freastal orthu chun páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas earcaíochta.

Tá An Taibhdhearc tiomanta do dheiseanna comhionannais agus tá sé ag déanamh iarracht ghníomhach ar son comhionannais, cothromaíochta agus ionadaíochta san ealaín.

Le haghaidh comhrá neamhfhoirmiúil faoin ról, déan teagmháil leis an Stiúrthóir Ealaíne ag muireann.kelly@antaibhdhearc.ie chun am oiriúnach a shocrú.

Ba bhreá linn cloisteáil uait.

---

**Conas Iarratas a Dhéanamh:**

Chun iarratas a dhéanamh, seol do CV agus litir chumhdaigh (nach faide ná dhá leathanach) ag míniú conas a thagann do scileanna agus do thaithí le riachtanais an róil seo chuig muireann.kelly@antaibhdhearc.ie le "Iarratas ar Phost an Léiritheora" sa líne ábhair.

Is é **Déardaoin 31 Deireadh Fómhair 2024 ag 12i.n.** an spriocdháta d'iarratais.

Beidh agallaimh á reáchtáil **Dé Luain, an 4 lá de mhí na Samhna.** Is féidir freastal ar an agallamh go pearsanta (i nGaillimh) nó go cianda, thar Zoom.

D'fhéadfadh go mbeadh babhta eile d'agallaimh de dhíth. Má tharlaíonn sé seo, beidh na hagallaimh sin ar siúl **Dé Céadaoin, an 6 lá de Shamhain.**